



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 9.4.2024  
COM(2024) 920 final

2024/0089 (BUD)

Togra le haghaidh

**DRÉACHTBHUISÉAD LEASAITHEACH Uimh. 2  
A GHABHANN LE BUISÉAD GINEARÁLTA 2024**

**BARRACHAS ÓN mBLIAIN AIRGEADAIS 2023 A IONTRÁIL**

Ag féachaint don mhéid seo a leanas:

- an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,
- Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh<sup>1</sup>, a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2021,
- Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (...)<sup>2</sup>, agus go háirithe Airteagal 44 de,
- buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh le haghaidh na bliana airgeadais 2024, a glacadh an 22 Samhain 2023<sup>3</sup>,
- dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2024<sup>4</sup>, a glacadh an 29 Feabhra 2024,

Leis seo, cuireann an Coimisiún Eorpach Dréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 2 a ghabhann le buiséad 2024 faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

## **ATHRUITHE AR AN RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DE RÉIR ROINNE**

Tá na hathruithe ar an ráiteas ginearálta ioncaim agus ar roinn III féin le fáil ar EUR-Lex (<https://eur-lex.europa.eu/budget/www/index-ga.htm>).

---

<sup>1</sup> Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom, IO L 424, 15.12.2020.

<sup>2</sup> Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, IO L 193, 30.7.2018.

<sup>3</sup> IO L, 2024/207, 22.2.2024.

<sup>4</sup> COM(2024) 80 final.

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Tá sé beartaithe le Dréachtbhuiséad Leasaitheach (DBL) Uimh. 2/2024 go n-iontrálfar an barrachas a eascraíonn as cur chun feidhme na bliana airgeadais 2023 sa bhuiséad le haghaidh 2024. Mar a fhoráiltear in Airteagal 18(3) den Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais<sup>5</sup> (an ‘Rialachán Airgeadais’), is é an t-iarmhéid ó 2023 ábhar aonair an DBL sin agus tá sé le cur isteach laistigh de 15 lá tar éis na cuntais shealadacha a chur isteach ag deireadh mhí an Mhárta 2024.

1. Tar éis buiséad na bliana 2023 a chur chun feidhme, tá barrachas thart ar EUR 0,6 billiún ann, a chuirtear isteach mar ioncam sa bhuiséad le haghaidh 2024 dá réir.

(in EUR)

| Miondealú olltoraidh 2023    |                    |
|------------------------------|--------------------|
| <b>Ioncam barrachais</b>     | <b>238 746 744</b> |
| <b>Caiteachas barrachais</b> | <b>393 878 830</b> |
| <b>Barrachas iomlán</b>      | <b>632 625 574</b> |

2. Ach an barrachas á bhuiséadú, laghdófar ranníocaíocht iomlán na mBallstát chuig maoiniú bhuiséad na bliana 2024 dá réir. Beidh tionchar freisin ar na ranníocaíochtaí ó na Ballstát ag réamhaisnéis athbhreithnithe na n-acmhainní dílse a chuirfear ar fáil tar éis chruinniú an Choiste Chomhairligh maidir le hAcmhainní Dílse níos déanaí i mí na Bealtaine 2024 agus áireofar an réamhaisnéis sin i nDréachtbhuiséad Leasaitheach ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 44(1)(b) den Rialachán Airgeadais.
3. Léirítear sa tábla thíos miondealú an olltoraidh le haghaidh na bliana 2023 i dtéarmaí chur chun feidhme ioncaim:

(in EUR)

| Miondealú olltoraidh 2023                                                                          | Buiséad<br>(lena n-áirítear<br>AB1-4) | Olltoradh              | Athrúchán          |
|----------------------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------|------------------------|--------------------|
| <b>Ioncam fo-iomlán</b>                                                                            | <b>165 202 974 773</b>                | <b>165 441 721 517</b> | <b>238 746 744</b> |
| — Teideal 1 - Acmhainní Dílse                                                                      | 151 040 594 788                       | 149 535 853 059        | -1 504 741 729     |
| <i>Tobhaigh agus dleachtanna eile san earnáil siúcra</i>                                           | 0                                     | 1 756 294              | 1 756 294          |
| <i>Dleachtanna custaim</i>                                                                         | 23 730 100 000                        | 22 081 301 059         | -1 648 798 941     |
| <i>Acmhainní dílse a fhabhraíonn ó CBL</i>                                                         | 22 458 526 500                        | 22 482 072 586         | 23 546 086         |
| <i>Acmhainní dílse bunaithe ar OIN</i>                                                             | 97 650 082 928                        | 97 702 157 940         | 52 075 012         |
| <i>Ceartú míchothromaíochtaí buiséadacha a deonaíodh don Ríocht Aontaithe</i>                      | 0                                     |                        | 0                  |
| <i>Oll-laghdú ar an ranníocaíocht bhliantúil bunaithe ar OIN a deonaíodh do roinnt Ballstát</i>    | 0                                     | 43 489 694             | 43 489 694         |
| <i>Acmhainní dílse bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte</i>       | 7 201 885 360                         | 7 225 075 485          | 23 190 125         |
| — Teideal 2 - Barrachais, iarmhéideanna agus coigeartuithe                                         | 2 519 010 950                         | 2 550 993 448          | 31 982 498         |
| — Teideal 3 - Ioncam riaracháin                                                                    | 1 894 666 175                         | 2 001 468 072          | 106 801 897        |
| — Teideal 4 - Ioncam airgeadais, ús mainneachtana agus fineálacha                                  | 710 280 669                           | 2 475 899 816          | 1 765 619 147      |
| — Teideal 5 - Ráthaíochtaí buiséadacha, oibríochtaí trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí | 0                                     | 0                      | 0                  |
| — Teideal 6 - Ioncam, ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí a bhaineann le beartais an Aontais       | 9 038 422 191                         | 8 877 507 122          | -160 915 069       |

4. Is é lúide EUR 1 472,8 milliún méid na nglanathrúchán comhcheangailte i dTeideal 1 (*Acmhainní Dílse*) agus Teideal 2 (*Barrachais, iarmhéideanna agus coigeartuithe*). Méid dleachtanna custaim níos ísle ná an méid a raibh coinne leis a cuireadh ar fáil do bhuiséad an

<sup>5</sup> IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Aontais sa dara leath den bhliain, is é sin, den chuid is mó, is cúis leis an difríocht dhiúltach sin.

5. EUR 106,8 milliún atá sna hathrúcháin i dTeideal 3 (*Ioncam riaracháin*). Tá sé sin inchurtha den chuid is mó i leith an ráta ranníocaíochta pinsin atá níos airde ná mar a tuaradh ar dtús, chomh maith le cur i bhfeidhm nuashonraithe tuarastail idirmheánaigh amhail ó mhí Eanáir 2023. Mhéadaigh an dá ghné sin go meicniúil leibhéal na cánach agus na dtobhach agus na ranníocaíochtaí pinsin.
6. Is é EUR 1 765,6 milliún an méid atá sna hathrúcháin i dTeideal 4 (*Ioncam airgeadais, ús mainneachtana agus fineálacha*), ina bhfuil fineálacha iomaíochta agus ús mainneachtana, íocaíochtaí pionósacha eile agus ús a bhaineann le fineálacha agus íocaíochtaí pionósacha.
7. Léirítear sa tábla thíos miondealú an olltoraidh le haghaidh na bliana 2023 i dtéarmaí chur chun feidhme buiséid an chaiteachais le haghaidh na n-institiúidí uile:

(in EUR)

| Miondealú olltoraidh 2023                                                                                                 | Buiséad<br>(lena n-áirítear<br>AB1-4) | Olltoradh              | Athrúchán           |
|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------|------------------------|---------------------|
| <b>Caiteachas fo-iomlán</b>                                                                                               | <b>165 202 974 773</b>                | <b>164 809 095 943</b> | <b>-393 878 830</b> |
| <b>Leithreasuithe olltoraidh údaraithe sa bhuiséad</b>                                                                    | <b>165 202 974 773</b>                | <b>165 004 817 243</b> | <b>-198 157 530</b> |
| — An Coimisiún Eorpach                                                                                                    | 160 513 578 100                       | 160 354 550 314        | -159 027 786        |
| Ceannteideal 1 - An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach                                                   | 20 128 876 581                        | 20 109 892 540         | -18 984 041         |
| Ceannteideal 2a - An comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach                                                     | 49 236 902 765                        | 49 227 567 732         | -9 335 034          |
| Ceannteideal 2b - Athléimneacht agus Luachanna                                                                            | 7 231 818 351                         | 7 227 885 569          | -3 932 782          |
| Ceannteideal 3 - Acmhainní Nádurtha agus an Comhshaol                                                                     | 56 655 807 986                        | 56 629 277 882         | -26 530 103         |
| Ceannteideal 4 - Imirce agus Bainistiú Teorainneacha                                                                      | 2 661 982 072                         | 2 597 329 666          | -64 652 406         |
| Ceannteideal 5 - An tSlándáil agus an Chosaint                                                                            | 1 386 228 612                         | 1 370 688 007          | -15 540 605         |
| Ceannteideal 6 - An Chomharsanacht agus an Domhan                                                                         | 14 574 291 430                        | 14 560 140 195         | -14 151 235         |
| Ceannteideal 7 - Riarachán Poiblí Eorpach                                                                                 | 6 656 322 828                         | 6 650 473 176          | -5 849 652          |
| Ionstraimí speisialta téamacha                                                                                            | 1 981 347 475                         | 1 981 295 547          | -51 928             |
| — Institiúidí eile                                                                                                        | 4 689 396 673                         | 4 650 266 929          | -39 129 744         |
| Parlaimint na hEorpa                                                                                                      | 2 247 134 550                         | 2 238 344 831          | -8 789 719          |
| Comhairle & an Chomhairle Eorpach                                                                                         | 647 908 757                           | 628 536 397            | -19 372 360         |
| Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh                                                                                   | 486 025 796                           | 482 252 071            | -3 773 725          |
| Cúirt Iniúchóirí na hEorpa                                                                                                | 175 059 922                           | 171 627 190            | -3 432 732          |
| Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa                                                                               | 158 767 970                           | 156 709 673            | -2 058 297          |
| Coiste na Réigiún                                                                                                         | 116 675 392                           | 116 569 118            | -106 274            |
| An tOmbudsman Eorpach                                                                                                     | 13 212 447                            | 12 603 950             | -608 497            |
| An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí                                                                                  | 22 711 559                            | 21 753 845             | -957 714            |
| An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí                                                                              | 821 900 280                           | 821 869 855            | -30 425             |
| <b>Cealú leithreasuithe a thugtar anonn ó bhlianta airgeadais roimhe sin</b>                                              | <b>0</b>                              | <b>-118 093 796</b>    | <b>-118 093 796</b> |
| — An Coimisiún Eorpach                                                                                                    | 0                                     | -69 695 285            | -69 695 285         |
| Cealú leithreasuithe nár úsáideadh a thugtar anonn ó bhlianta airgeadais roimhe sin (le ceart)                            | 0                                     | -39 938 887            | -39 938 887         |
| Cealú leithreasuithe nár úsáideadh a thugtar anonn ó bhlianta airgeadais roimhe sin (go huathoibríoch agus trí chinneadh) | 0                                     | -29 756 398            | -29 756 398         |
| — Institiúidí eile                                                                                                        | 0                                     | -48 398 511            | -48 398 511         |
| Parlaimint na hEorpa                                                                                                      | 0                                     | -20 258 035            | -20 258 035         |
| Comhairle & an Chomhairle Eorpach                                                                                         | 0                                     | -5 996 551             | -5 996 551          |
| Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh                                                                                   | 0                                     | -5 198 644             | -5 198 644          |
| Cúirt Iniúchóirí na hEorpa                                                                                                | 0                                     | -1 492 307             | -1 492 307          |
| Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa                                                                               | 0                                     | -2 043 574             | -2 043 574          |
| Coiste na Réigiún                                                                                                         | 0                                     | -1 884 593             | -1 884 593          |
| An tOmbudsman Eorpach                                                                                                     | 0                                     | -118 211               | -118 211            |

|                                                      |          |                    |                    |
|------------------------------------------------------|----------|--------------------|--------------------|
| <i>An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí</i>      | 0        | -416 201           | -416 201           |
| <i>An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí</i>  | 0        | -10 990 394        | -10 990 394        |
| <b>Athrúcháin sa ráta malartaithe ar chaiteachas</b> | <b>0</b> | <b>-77 627 505</b> | <b>-77 627 505</b> |

8. Ba é EUR 198,2 milliún méid na leithreasuithe buiséid a vótáladh nár chuir na hinstitiúidí uile chun feidhme le chéile iad. Chuir an Coimisiún 99,9 % de na leithreasuithe íocaíochta údaráithe chun feidhme. Bhain tearc-chur chun feidhme an Choimisiúin le EUR 159 milliún de leithreasuithe a vótáladh agus le EUR 70 milliún de leithreasuithe a tugadh anonn ó 2022.
9. Ar an gcaoi chéanna, bhí tearc-chur chun feidhme agus cealú leithreasuithe na n-institiúidí eile fós íseal in 2023.